An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

Tuairisciú ar an mBearna
Phá idir na hInscní

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

2024

Ag Obair **Le Chéile**

DELIVER - IMPROVE - TRANSFORM

Clár Ábhar

Clár Ábhar i

1 Réamhrá 1

1.1 Tábla forbhreathnaithe 2

2 Próifíl Achoimre na Roinne 3

2.1 Achoimre ar fhostaithe 3

2.2 Ionadaíocht inscne sa líon foirne de réir gráid 3

3 Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní 4

3.1 Rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile 4

3.2 Rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe lánaimseartha 5

3.3 Rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha 5

3.4 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le fostaithe sealadacha 6

3.5 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le híocaíochtaí bónais agus le sochair chomhchineáil 6

3.6 Sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle 6

4 Scrúdú ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn 7

5 Aghaidh a Thabhairt ar Dhifríochtaí Pá idir na hInscní 8

6 Aguisíní 10

6.1 Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil 10

6.2 Tábla forbhreathnaithe ar Ghníomhartha Inscne do na Blianta 2024 agus 2025 ... 11

7 Rialú Doiciméid 19

1 Réamhrá

Is é cuspóir an doiciméid seo tuairisc a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don bhliain 2024, mar a cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Forordaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, na méadrachtaí is intuairiscithe maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. Agus an meánphá san uair an chloig d'fhir agus do mhná á ríomh, tá uaireanta tráthrialta agus uaireanta ragoibre araon le cur ar áireamh sa tuarascáil, mar aon le haon liúntais phá agus aon bhónais. Is féidir na tuarascálacha uile a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne - Tuarascálacha ar an mBearna Phá idir na hInscní - An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tá an Roinn tiomanta go fóill do dheireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn, agus táimid ag leanúint lenár gcuid oibre chun cur leis na gníomhartha a tugadh isteach sna blianta 2022 agus 2023 chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá sin. Tá sa tuarascáil seo faisnéis faoi na bearta atá le cur chun feidhme agus atá i bhfeidhm cheana féin chun comhionannas inscne a chur ar aghaidh agus chun feabhas a chur ar ionadaíocht na mban sna gráid ardbhainistíochta. Tá an tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní ina cuid dhílis den straitéis dar teideal Ag Obair le Chéile, ár bpróiseas straitéiseach corparáideach, agus tá sí ar cheann de na príomhnithe a chuireann ar ár gcumas ár Luachanna (Obair le Chéile, Tionchar a Imirt, Ardchaighdeáin a Sholáthar) agus ár Ráiteas Straitéise (Le Chéile 25) a chomhlíonadh.

Ba í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthair sonraí na Roinne. Tógadh na sonraí sin ar an "dáta léargais" an 28 Meitheamh 2024, agus cumhdaítear leo an tréimhse 12 mhí roimhe. Ar an dáta léargais, bhí 696 dhuine san fhostaíocht bhuan agus shealadach sa Roinn; 325 bhean agus 371 fhear. Bhí fostaithe na Roinne dáilte ar fud deich gcinn de ghráid riaracháin agus ghairmiúla/theicniúla státseirbhíse, agus thart ar chúig scála pá is seasca i gceist. Ar aon dul leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ní áirítear leis an tuarascáil seo ach daoine den inscne fhireann agus daoine den inscne bhaineann.

Ní féidir linn teacht ar chonclúidí soiléire ar a mhéid a chuaigh tosca éagsúla i bhfeidhm ar ionadaíocht na mban ar fud na ngrád uile sa Roinn, amhail fad seirbhíse, leas a bhaint as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh nó saoire chosantach, agus obair pháirtaimseartha.

1.1 Tábla forbhreathnaithe

Forbhreathnú ar an mBearna Phá idir na hInscní	2022	2023	2024
1. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile)	12.1%	10.3%	7.01%
2. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Lánaimseartha)[1]			6.8%
3. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha)	5.54%	-5.60%	5.96%
4. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Oibrithe Sealadacha)	n/b	n/b	-2.07%
5. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile)	16%	10.30%	6.84%
6. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Lánaimseartha)	n/b	n/b	5.2%
5. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha)	12.65%	5.5%	17.03%
6. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Sealadacha)			15.6%
7. An bhearna mheánach phá Bónais idir na hinscní	n/b	n/b	N/B
8. An bhearna airmheánach phá Bónais idir na hinscní	n/b	n/b	N/B
9. An % a fuair Bónas	n/b	n/b	N/B
10. An % a fuair Sochar Comhchineáil	n/b	n/b	N/B
11. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íochtair	B: 50.85% F: 49.2%	B: 49.3% F: 50.7%	B: 47.7% F: 52.3%

[1] Ní cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, tuairisc a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní i gcás fostaithe lánaimseartha; chuir an Roinn é sin ar áireamh i mbliana mar fhaisnéis bhreise.

12. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íosláir	B: 59.80% F: 40.20%	B: 56% F: 44%	B: 52.6% F: 47.4%
13. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uasláir	B: 52.80% F: 47.2%	B: 49% F: 51%	B: 44.57% F: 55.43%
14. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uachtair	B: 35% F: 65%	B: 38% F: 62%	B: 41.95% F: 58.05%

2 Próifíl Achoimre na Roinne

2.1 Achoimre ar fhostaithe

Tráth an dáta léargais (28 Meitheamh 2024), bhí 696 fhostaí ar phárolla na Roinne. B'ionann meánaois fhostaithe na Roinne agus 44 bliana d'aois.

Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne i measc oibrithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha na Roinne: 28 Meitheamh 2024

Líon foirne	Fostaithe lánaimseartha	Fostaithe páirtaimseartha[2]	Fostaithe sealadacha	Na fostaithe uile
Fireann	357	12	2	371
Baineann	280	43	2	325
Iomlán	**637**	**55**	**4**	**696**

2.2 Ionadaíocht inscne sa líon foirne de réir gráid

Léirítear sa tábla thíos ionadaíocht chéatadánach inscne fhostaithe na Roinne bunaithe ar líon foirne de réir gráid, amhail an dáta léargais an 28 Meitheamh 2024. Laistigh den Roinn, déantar ionadaíocht do ghráid phoist Ghairmiúil/Theicniúil ar fud ghráid choibhéiseacha

[2] Measadh gurbh fhostaithe páirtaimseartha iad fostaithe a raibh coibhéis lánaimseartha (FTE) faoi bhun 1 acu ar an dáta léargais. Mar sin, cuireadh ar áireamh anseo postroinnteoirí agus fostaithe a bhain leas as saoire do thuismitheoirí, saoire tuismitheora, saoire cúramóra agus saoire neamhíoctha mháithreachais. Rinne an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte baill foirne a bhí ar Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin a eisiamh ón tuarascáil i mbliana.

riaracháin PO, PC, AOF agus OR. Chun forbhreathnú a fháil ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil, féach Aguisín 6.1.

Tábla ar ionadaíocht inscne de réir gráid – 28 Meitheamh 2024

	AR	LR	ARC	PO	PC	OR	AOF	OF	OC	OS	Iomlán
Fireann	0	1	6	44	115	70	50	57	25	3	371
Baineann	1	0	2[3]	23	97	49	62	57	33	1	325
Iomlán	**1**	**1**	**8**	**67**	**212**	**119**	**112**	**114**	**58**	**4**	**696**

3 Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní

Baineann na tomhais atá curtha i láthair sa doiciméad seo leis na difríochtaí i sonraí comhiomlánaithe d'fhir agus do mhná ar fud na Roinne amhail an dáta léargais an 28 Meitheamh 2024, lena gcumhdaítear an tréimhse tuairiscithe ón 24 Meitheamh 2023 go dtí an 28 Meitheamh 2024. Áirítear leis an tacar sonraí seo 325 bhean agus 371 fhear, agus iad ag déanamh ionadaíocht do 696 fhostaí san iomlán.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur le bliain aonair sonraí a bhaineann an tacar sonraí a úsáideadh don tuarascáil seo agus go bhfuil sa tacar sin sonraí faoi fhostaithe a chuaigh isteach san eagraíocht, nó a d'fhág an eagraíocht, thart ar an dáta léargais. Sna cásanna sin, ní léirítear sa ríomhaireacht bhliantúlaithe imthosca iarbhír na bhfostaithe sin, agus is féidir go ndéanfaidh sé sin difear do na méadrachtaí foriomlána atá curtha i láthair.

3.1 Rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile

Tagraíonn an focal ***meánach*** don mheán de thacar luachanna, i.e., suim na luachanna arna roinnt ar an líon luachanna. Tagraíonn an focal ***airmheánach*** don lárphointe de thacar luachanna nuair a chuirtear in ord iad ón luach is lú go dtí an luach is mó.

An Bhearna Phá idir na hInscní	2022	2023	2024
Meánach	12.10%	10.3%	**7.01%**

[3] Tá Rúnaí Cúnta amháin ar iasacht ón Roinn faoi láthair.

Airmheánach	16%	10.3%	**6.84%**

3.2 Rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe lánaimseartha

Is é 6.8% an bhearna fhoriomlán phá idir na hinscní don bhliain 2024, cothrom le laghdú 4% ar an bhfigiúr don bhliain seo caite. Tá sé cothrom freisin le laghdú 0.2% ar an mbearna fhoriomlán phá don Roinn, rud lena n-áirítear fostaithe lánaimseartha agus fostaithe páirtaimseartha.

An Bhearna Phá idir na hInscní	2023	2024
Meánach	10.8%	**6.8%**
Airmheánach	n/b	**5.2%**

3.3 Rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha

Measadh gurbh fhostaithe páirtaimseartha iad fostaithe a raibh FTE faoi bhun 1 acu ar an dáta léargais. Mar sin, cuireadh fostaithe a bhain leas as postroinnt agus fostaithe a bhain leas as saoire do thuismitheoirí, saoire tuismitheora, saoire cúramóra agus saoire neamhíoctha mháithreachais ar áireamh sa chohórt oibrithe páirtaimseartha[4].

An Bhearna Phá idir na hInscní	2022	2023	2024
Meánach	7.37%	-5.6%	**5.96%**
Airmheánach	12.65%	5.5%	**17.03%**

[4] Áiríodh leis an tuarascáil don bhliain 2023 fostaithe a bhí ar luach saothair sealadach athshlánúcháin. Baineadh iad den tuarascáil seo, áfach, toisc nach bhfuil luach saothair sealadach athshlánúcháin lánroghnach a thuilleadh agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm mar ráta comhréidh ó thabhairt isteach Chiorclán 12/2023 i leith.

3.4 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le fostaithe sealadacha

Is gnách nach mbaineann conarthaí sealadacha ach le gráid Oifigigh Cléireachais agus Oifigigh Feidhmiúcháin. Ní raibh ach ceathrar fostaithe ar chonarthaí sealadacha sa bhliain 2024. Ní raibh aon taifead ann ar fhostaithe sealadacha sa bhliain 2022 ná sa bhliain 2023 ach oiread chun comparáid a dhéanamh idir an bhearna mheánach agus airmheánach phá.

An Bhearna Phá idir na hInscní	2024
Meánach	-2.07%
Airmheánach	15.6%

3.5 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le híocaíochtaí bónais agus le sochair chomhchineáil

Ní bhaineann tuairiscí ar an mbearna mheánach agus airmheánach i ndáil le híocaíochtaí bónais ná le sochair chomhchineáil le hábhar i gcás fostaithe a d'fhóin sa Roinn sa bhliain 2024 agus níl siad ar áireamh sa tuarascáil seo.

3.6 Sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle

Chun léargas níos mine a fháil ar na difríochtaí pá idir fir agus mná, sórtáiltear na fostaithe uile ina mbanda pá féin agus roinntear iad ina gceathairíleanna ansin – i.e., b'ionann an leibhéal pá ar leith faoina dtagann 25% de na fostaithe uile agus an chéad cheathairíl, nó an cheathairíl "íochtair", b'ionann an grúpa pá atá os cionn an leibhéil sin ach atá faoi bhun an leibhéil airmheánaigh (50%) agus an dara ceathairíl (an cheathairíl íosláir), agus araile. Tá rannpháirtíocht choibhneasta na bhfear agus na mban i ngach ceann de na ceathairíleanna curtha i láthair sa tábla agus sna píchairteacha thíos.

Léaráid: Sciar na ndaoine den inscne fhireann agus na ndaoine den inscne bhaineann i ngach ceathairíl phá (%)



Forbhreathnú tábla ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle

	Líon		Céatadán	
	Fireann	Baineann	Fireann	Baineann
An cheathairíl íochtair	91	83	52.30%	47.70%
An cheathairíl íosláir	82	91	47.40%	52.60%
An cheathairíl uasláir	97	78	55.43%	44.57%
An cheathairíl uachtair	101	73	58.05%	41.95%

4 Scrúdú ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn

Tá áthas orainn a thuairisciú gur tháinig laghdú seasta ar an mbearna fhoriomlán phá idir na hinscní sa Roinn ó fhoilsiú na tuarascála don bhliain 2022 i leith, ó 12.1% agus 16% go 7.01% agus 6.84% i dtéarmaí meánacha agus airmheánacha faoi seach. Is féidir an laghdú sin sa bhearna phá idir na hinscní a chur síos do láithreacht mhéadaithe na ndaoine den inscne bhaineann sna ceathairíleanna pá uachtair. Daoine den inscne fhireann a bhí i 65% de dhaoine sa cheathairíl uachtair agus daoine den inscne bhaineann a bhí i 25% díobh sa bhliain 2022. Tháinig laghdú beag, go 62%, ar sciar na ndaoine den inscne fhireann sa cheathairíl sin sa bhliain 2023 agus, faoin mbliain 2024, daoine den inscne fhireann a bhí i 58% de dhaoine sa cheathairíl sin agus daoine den inscne bhaineann a bhí i 42% díobh.

Ó foilsíodh an chéad tuarascáil ar an mbearna phá idir na hinscní sa bhliain 2022, tháinig roinnt athruithe ar struchtúr fhórsa saothair na Roinne agus ar chomhdhéanamh a fórsa saothair araon. Tháinig roinnt athruithe ar an mbearna fhoriomlán phá idir na hinscní sa Roinn freisin.

Mhéadaigh fórsa saothair na Roinne ó 492 dhuine sa bhliain 2022 go 598 nduine an bhliain ina dhiaidh sin. Mhéadaigh sé ansin go 696 dhuine sa bhliain 2024. Tá sé sin cothrom le méadú 40% nó mar sin laistigh de thréimhse dhá bhliain. Beag beann ar an méadú ar an líon fostaithe thar an tréimhse dhá bhliain, áfach, tá cothromaíocht inscne na Roinne gan athrú, tríd is tríd, agus is daoine den inscne fhireann iad thart ar 53% dár bhfórsa saothair.

Ceann amháin de na príomhnithe atá taobh thiar den difríocht phá idir na hinscní sa Roinn is ea láithreacht an ghrúpa fostaithe páirtaimseartha, atá freagrach as thart ar 7% den fhórsa saothair ar fad. Fostaithe den inscne bhaineann atá i bhformhór an chohóirt fostaithe páirtaimseartha go fóill, agus iad freagrach as thart ar 80% de na fostaithe páirtaimseartha uile ó bhí an bhliain 2022 ann. Tagann laghdú ar phá foriomlán na bhfostaithe den inscne bhaineann dá dheasca sin, rud a théann i bhfeidhm ar an mbearna fhoriomlán phá idir na hinscní. Beag beann ar an easpa athruithe a tháinig ar an éagothroime inscne i measc fostaithe páirtaimseartha, áfach, lean an bhearna phá idir na hinscní de bheith ag laghdú ó bhí an bhliain 2022 ann.

5 Aghaidh a Thabhairt ar Dhifríochtaí Pá idir na hInscní

Tá an Roinn tiomanta go fóill dá chinntiú go leabaítear éagsúlacht agus cuimsiú isteach inár ngnáthchleachtais laethúla oibre. Leanaimid le timpeallacht thacúil oibre a chur chun cinn go gníomhach, áit a gcaitear le gach fostaí ar bhealach cothrom agus le dínit, le meas agus le tuiscint agus a dtacaítear go hiomlán lena sláinte agus lena bhfolláine. Tá an timpeallacht sin ina cuid dhílis den straitéis dar teideal Ag Obair le Chéile, ár bpróiseas straitéiseach corparáideach, agus tá sí ar cheann de na príomhnithe a chuireann ar ár gcumas ár Luachanna (Obair le Chéile, Tionchar a Imirt, Ardchaighdeáin a Sholáthar) agus ár Ráiteas Straitéise (Le Chéile 25) a chomhlíonadh. Aithnímid gur spreagthach tábhachtach maidir leis an Roinn a bhunathrú is ea comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, agus tá rún daingean againn deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn.

D’fhoilsíomar dhá thuarascáil sa bhliain 2024 chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an mbearna phá idir na hinscní inár Roinn agus chun sainaithint a dhéanamh ar ghníomhartha

ar mhaithe le cothromaíocht inscne a chur chun cinn. Sa chéad tuarascáil, tugadh anailís níos mine ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn sa bhliain 2023, agus tarraingíodh aird ar réimsí lena bhfeabhsú, lena n-áirítear an gá atá le próiseas a fhorbairt le haghaidh sonraí a bhailiú faoi fhad seirbhíse ár mball foirne agus faoina bpointe ar an scála. Tá creat á fhorbairt againn faoi láthair freisin chun sonraí déimeagrafacha a bhailiú, amhail sonraí faoi ghnóthachtáil oideachasúil. Rachaidh sonraí den sórt sin chun tairbhe d'anailísí amach anseo ar an mbearna phá idir na hinscní.

Sa dara tuarascáil, tugadh forbhreathnú ar léargais agus moltaí a d'eascair as sraith ceardlann maidir le heispéireas na bhfostaithe den inscne bhaineann ar a bheith ag obair sa Roinn agus maidir leis na bacainní a bhraitheann siad a bheith ann ar a ndul chun cinn gairme. A bhuí leis na fionnachtana atá sa tuarascáil sin, ghnóthaíomar tuiscint níos fearr ar an éagothroime inscne sa Roinn, toisc go leagtar amach iontu faisnéis faoi eispéiris fíorshaoil agus dearcthaí a dhoimhnigh an tuiscint atá againn ar na sonraí agus na treochtaí staitistiúla atá breathnaithe againn sa tuarascáil seo. Bhain ceann amháin de na moltaí le tacaíochtaí a thabhairt do bhaill foirne agus iad ag dul ar shaoire mháithreachais agus ag filleadh ar ais uaithi. Mar thoradh air sin, d'fhorbraíomar beartas um Fhilleadh ar an Obair chun próiseas struchtúrtha tacúil a sholáthar dár gcomhghleacaithe atá ag filleadh ar an obair tar éis saoire fhada. Soláthróimid raon éagsúil acmhainní ar líne agus ceardlann cóitseála freisin chun tacú lenár gcomhghleacaithe le linn a n-aistir tuismitheoireachta. D'fhorbraíomar beartas um Fhilleadh ar an Obair chun tacú le baill foirne freisin.

Seoladh an chéad Straitéis Daoine riamh ón Roinn i mí na Samhna 2024. Áirítear léi gníomhartha sonracha i réimsí an acmhainnithe, na forbartha ceannaireachta agus na hanailíse sonraí chun buntacú le tuiscint níos fearr ar na saincheisteanna, agus cuirtear léi bonn eolais faoi bhearta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá sainaitheanta sa tuarascáil seo. D'fhoilsíomar ár mBeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú freisin, rud lena dtacaítear lenár Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun feidhme agus ina léirítear conas a chomhlíonfaimid an gealltanas uainn comhionannas agus cothroime a chur chun cinn agus idirdhealú a chomhrac mar fhostóir agus mar chomhlacht poiblí.

Táimid ag obair freisin ar pháipéar forlíontach maidir le Spriocanna Cothromaíochta Inscne don bhliain 2030, agus é mar aidhm againn sonraí faoin gcothromaíocht inscne sa Roinn a leagan amach tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh agus cleachtais na Roinne, amhail tacaíochtaí foghlama agus forbartha agus sonraí faoi ardú céime inmheánach. Is é an cuspóir atá leis sin aon laofacht inscne a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na Roinne agus aon réimsí ina bhfuil mná faoi ghannionadaíocht a shainaithint. Leagfar amach sa pháipéar

freisin na spriocanna fadtéarmacha cothromaíochta inscne a bheidh ag an Roinn, ar spriocanna iad a bheidh ag teacht lenár mBeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus na gníomhartha cothromaíochta inscne a dhéanfar chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn.

Leanfaimid lenár gcuid gníomhartha inscne a chur i gcrích sa bhliain 2025, mar atá leagtha amach sna straitéisí thuasluaite. Chomh maith leis sin, oibreoimid trí na moltaí a fuarthas ó na rannpháirtithe inár gceardlanna maidir le bacainní ar dhul chun cinn gairme. Chun liosta a fháil de ghníomhartha na bliana 2024 agus de thosaíochtaí na bliana 2025, féach an Tábla forbhreathnaithe ar Ghníomhartha Inscne do na Blianta 2024 agus 2025.

Táimid an-bhuíoch dár gcomhghleacaithe ar fud chainéal Ghuth na Foirne um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Urraitheoirí an Bhoird Bainistíochta, an Fhóraim Ardbhainisteoirí, na bhFóram Gráid, Líonra na mBan agus an líonra daoine LADTA+ de chuid na Roinne agus de na rannpháirtithe inár gceardlanna maidir le bacainní ar dhul chun cinn gairme, a oibríonn i gcomhar linn chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn trí phríomhréimsí lena bhfeabhsú a shainaithint.

6 Aguisíní

6.1 Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil

	Baineann	Fireann	Iomlán
AR	**1**		**1**
Gráid Riaracháin	1		1
LR		**1**	**1**
Gráid Riaracháin		1	1
RC	**2**	**6**	**8**
Gráid Riaracháin	2	6	8
PO	**23**	**44**	**67**
Gráid Riaracháin	19	27	46
Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil	4	17	21
PC	**97**	**115**	**212**

Gráid Riaracháin	75	69	144
Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil	22	46	68
OR	**49**	**70**	**119**
Gráid Riaracháin	38	58	96
Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil	11	12	23
AOF	**62**	**50**	**112**
Gráid Riaracháin	61	47	108
Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil	1	3	4
OF	**57**	**57**	**114**
Gráid Riaracháin	57	56	113
Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil	0	1	1
OC	**33**	**25**	**58**
Gráid Riaracháin	33	25	58
OS	**1**	**3**	**4**
Gráid Riaracháin	1	3	4
Mór-Iomlán	**325**	**371**	**696**

6.2 Tábla forbhreathnaithe ar Ghníomhartha Inscne do na Blianta 2024 agus 2025

Téama	Gníomhartha	Úinéir	Amlíne	Stádas
Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Straitéise 'Ag Obair Le Chéile'	• Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Sholáthar	An Oifig Oibríochtaí Corparáideacha, an Rannán Acmhainní	Ráithe 1 de 2023	Curtha i gcrích i ráithe 3 de 2023

	agus a Chur Chun Feidhme	Daonna Straitéiseacha		
	• Straitéis Daoine a Sholáthar agus a Chur Chun Feidhme	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha	2024	Foilsithe i ráithe 4 de 2024
An Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	• Beartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a fhorbairt agus a chur chun feidhme.	An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	2024	Foilsithe i ráithe 4 de 2024
	• Beartas um Fhéiniúlacht Inscne a fhorbairt agus a chur chun feidhme.	An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	2025	Ar siúl
	• Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, agus uirlisí agus modheolaíocht scagtha tionchair comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a fhorbairt. • Comhairle Ceannaireachta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus	An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	2024	• Tá dualgas na hEarnála Poiblí le cur chun feidhme sa phróiseas pleanála gnó i ráithe 4 de 2024. • Tá an grúpa oibre um Dhualgas na hEarnála Poiblí le bunú i ráithe 1 de 2025. • Bunaíodh an chomhairle

	Cuimsiú a bhunú, rud a bheidh faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta agus a thiocfaidh le chéile ar bhonn ráithiúil ar a laghad chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na Straitéise agus Plean Gníomhaíochta seo; dul chun cinn agus tionchar a rianú, agus moltaí a dhéanamh le haghaidh feabhsuithe, más gá • Tuarascáil ráithiúil ar dhul chun cinn a sholáthar don Bhord Bainistíochta • Grúpa ghuth na foirne a fhorbairt chun comhairliúchán a éascú ar fud na Roinne			ceannaireachta agus ainmníodh cathaoirleach i ráithe 1 de 2024. Leantar le faisnéis faoi dhul chun cinn ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chomhroinnt go ráithiúil leis an mBord Bainistíochta. Bunaíodh grúpa Ghuth na Foirne um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i ráithe 4 de 2024.
Deiseanna Líonraithe	• Líonra Ban a Bhunú	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha	2022	Curtha i gcrích i ráithe 1 de 2023

	Seachtain Imeachtaí do Lá Idirnáisiúnta na mBan	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha, an Oifig Oibríochtaí Corparáideacha	Ráithe 1 de 2024	Curtha i gcrích
Meantóireacht	• Clár Shruth Piarmheantóireachta na mBan 2024 – ocht bpéire meantóireachta • Clár Shruth Piarmheantóireachta na mBan 2025 • Sruth meantóireachta aisiompaithe – péire amháin	An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt, agus Comhpháirtithe Meantóireachta	2024 Ar siúl ar fud na bliana 2025	Curtha i gcrích
Sláinte agus Folláine	• Sláinte na mBan: Beartas Sos Míostraithe na Roinne a chur chun feidhme • Caiféanna Sos Míostraithe	An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt	2023	Curtha i gcrích Reáchtáiltear Caiféanna Sos Míostraithe go tráthrialta ar fud na Roinne.
Dul Chun Cinn Gairme	• Taighde a sheoladh i measc fostaithe maidir lena n-eispéiris ag an obair agus maidir leis na bacainní atá ar a	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an Fhoireann um Chomhionannas,	2023 – 2024	Curtha i gcrích Forbraíodh beartas um Fhilleadh ar an Obair, agus tá sé le cur chun feidhme

	ndul chun cinn gairme chun bonn eolais a chur faoi bhearta amach anseo ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na bacainní sin • Tacaíochtaí breise a chur i bhfeidhm d'fhostaithe atá ag filleadh ó shaoire fhada chun an próiseas a dhéanamh níos éasca – tabharfar an beartas um fhilleadh ar an obair ar ais sa bhliain 2024	Éagsúlacht agus Cuimsiú		faoi ráithe 1 de 2025.
	• Cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí ó na ceardlanna maidir le dul chun cinn gairme	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha	2024 - 2025	Ar siúl
Anailís Sonraí	• Grúpa oibre a bhunú i struchtúr rialachais na Straitéise um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun faireachán agus athbhreithniú tráthrialta a	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an tAonad Eacnamaíoch agus Meastóireachta	2023	Bunaíodh grúpa oibre agus tháinig sé le chéile ar bhonn ráithiúil. Foilsíodh an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023

	dhéanamh ar na sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní agus ar bhearta eile comhionannais			
	• Anailís sonraí a dhéanamh ar fheachtais earcaíochta agus ardú céime agus ar ionadaíocht inscne • Tuilleadh anailís sonraí a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní i measc fostaithe páirtaimseartha chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha amhail patrúin phostroinnte a éascú tráth ardú céime. • A shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ar róil áirithe teoranta d'fhostaithe lánaimseartha agus, dá bhrí sin, cé acu atá nó nach bhfuil sé sin ag cur bac ar	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha	2023/2024	D'fhoilsíomar dhá thuarascáil: Tuarascáil Fhorlíontach ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn; agus tuarascáil ar Bhacainní ar Dhul Chun Cinn Gairme.

	dhul chun cinn gairme i measc postroinnteoirí.			
	• Creat a fhorbairt chun sonraí déimeagrafacha agus tosca gaolmhara a ghabháil ar aon dul leis an dea-chleachtas. • Athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí déimeagrafacha a ghabhtar, de réir mar a chuirtear ar fáil iad, chun treochtaí i ngannionadaíocht a shainaithint agus chun eolas a dhéanamh do ghníomhaíocht chuí.	An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	Ráithe 4 de 2025	Ar siúl
Forbairt Daoine	• Clár Oiliúna um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint ar chlaontuairim neamh-chomhfhiosach agus	An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Forbairt Daoine	Ráithe 1 de 2025	Táthar ag súil leis go soláthrófar an gníomh seo faoin spriocdháta

	ar chlaontuairim gaireachta			
	• Méadú a dhéanamh ar an líon seimineár Gréasáin maidir le forbairt gairme agus maidir le mná i róil cheannaireachta agus ar an líon seimineár Gréasáin maidir le hacmhainní atá saincheaptha do mhná chun tacú leo dul chun cinn gairme a bhaint amach.	Forbairt Daoine	2025	Táthar ag súil leis go soláthrófar an gníomh seo faoin spriocdháta
Earcaíocht	• Meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas earcaíochta agus ar phróisis earcaíochta chun torthaí cothromasacha a chinntiú	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha	2024/2025	Le tosú sa bhliain 2025
Tacaíochtaí do bhaill foirne a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu	• Beartais a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn i measc gach gráid agus inscne • Mol tacaíochta a chur i bhfeidhm do bhaill foirne roimh shaoire mháithreachais agus	An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha	2024	Leantar le beartais agus tionscnaimh a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn sa bhliain 2025. Tá acmhainní máithreachais agus atharthachta le bheith inrochtana

	saoire atharthachta, lena linn agus ina ndiaidh			ag baill foirne ó mhí na Nollag.

7 Rialú Doiciméid

Leagan	**1.0**
Úda(i)r	**Aisling Costello, Marta Konkel, Ciarán A. Kelly**
Úinéir	**Daoine, Oibríochtaí agus Seirbhísí, An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha**
Arna cheadú ag	**Stephen Carley, Ceann an Rannáin Acmhainní Daonna Straitéiseacha**
Dáta ceadaithe	**13/12/2024**
Dáta Athbhreithnithe	
Athbhreithnitheoir(í)	